# AR CHUALA TÚ?

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

### Athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise daoibh a chairde!

Tá áthas orainn an chéad nuachtlitir don bhliain 2022 a chur amach. Arís, fáiltímid i gcónaí roimh ailt, nuacht, fógraí, srl., ó gach gné den phobal idir eagraíochtaí, gnóanna agus seirbhísí, institiúidí éagsúla, coistí agus clubanna eile.

Níl oraibh ach ríomphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair.ie chun breis eolais a fháil.

Freisin, ba mhaith linn meabhrú don phobal go bhfuil muid anseo chun tacaíocht a thabhairt agus ba bhreá linn bhur n-ionchur agus moltaí a fháil. Tá ár sonraí teagmhála le fáil ar chúl na nuachtlitreach.

Beidh muid ag leanúint ar aghaidh le tograí ar líne i mbliana ar nós:

- Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir- is deis é seo ardán a thabhairt dár n-ealaíontóirí a gcuid tallann a chur amach os comhair an phobail. Cuirimid míle fáilte roimh gach duine a bheadh suim acu páirt a ghlacadh agus físeán chur isteach chugainn.
- Cliabhán Gnó- Is é sprioc an togra ná ardán ar líne a thabhairt do gnólachtaí agus seirbhísí atá lonnaithe i gceantar Chonamara Láir. Ar mhaith leat breis poiblíochta ar na meáin shóisialta? Níl ort ach físeán beag a sheoladh chugainn ag freagairt trí cheist bunaithe faoi do ghnó/seirbhís. Cuirfear na físeáin ar ár suíomh idirlín agus ar ár n-ardán meáin shóisialta.




Mar gheall ar an aiseolas iontach a fuaireamar ónár bhféiliri, táimid ag reáchtáil an Comórtas Grianghrafadóireachta arís i mbliana. Is bealach maith é seo chun na grianghraif a bhailiú agus ag an am céanna ag taispeáint áilleacht an cheantair.

Táimid ag súil go mór comhoibriú le muintir an cheantair arís i mbliana- 'Ar scath a chéile a mhaireann na daoine'.

# Dea-scéala do Phobal na Gaeilge

**Ní inniu na inné a thosaigh saol na Gaeilge tré chéile ag lorg níos mó stádas agus cearta i bpobal na Gaeilge. Go deimhin is deá-scéala a bhí ann dhúinn ar fad nuair a chuala muid go raibh Bille Teanga nua rite i dTithe an Oireachtais roimhe na Nollag.**
**Cuireadh tús le plé Bille Teangacha Oifigiúla le linn géarchéim eacnamaíochta agus tugadh chun críoch é le linn paindéime domhanda. Leagfaidh an bille seo síos sa dlí gur cainteoirí Gaeilge a bheadh i 20% d'earcaigh nua na seirbhíse poiblí faoin mbliain 2030, an príomhsprioc sa mbille nua. Chomh maith leis sin, beidh ar sheirbhísigh phoiblí taobh istigh nó taobh amuigh den Ghaeltacht seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil amach anseo.**
**Dúirt Aire Stáit na Gaeltachta Jack Chambers gur lá stairiúil a bhí ann don teanga."Leis an mBille nua seo, tá bonn láidir leagtha síos dúinn, mar Stát, chun fíor cheannaireacht a léiriú i dtaobh an teanga a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. Tá úsáid na Gaeilge ag leibhéal oifigiúil mar chuid lárnach de na hiarrachtaí atá ar bun chun a chinntiú go mbeidh an teanga in úsáid i measc na nglúnta atá le teacht inár ndiaidh," a dúirt Aire Stáit na Gaeltachta.**
**Ar a laghad ar bith anois, beidh muid in ann sínigh a chuir ar an fada!!**




**Tús maith leath na hoibre - Ar an chéad lá don bhliain nua, i ráiteas ó Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, agus é ag tagairt don lán stádas a bheith bainte amach ag an nGaeilge san Aontas Eorpach, d'iarr sé orainn, an pobal, rún a dhéanamh áit a thabhairt don Ghaeilge inár saol laethúil. Dúirt sé 'Is lá suntasach atá ann inniu don teanga, agus lán stádas á bhaint amach aici san Aontas Eorpach agus deireadh tagtha le maolú na Gaeilge. Is aitheantas tábhachtach ar an leibhéal náisiúnta dár bhféiniúlacht ar leith mar phobal atá sa lán stádas sin, agus teanga ar leith againn a mbainimid úsáid as taobh leis na teangacha eile a mbainimid úsáid astu agus a bhfuil meas againn orthu.**
**Cé go mbeidh an Ghaeilge in úsáid go laethúil san AE, ní mór dúinn an deis a thapú agus freagracht a ghlacadh lena chinntiú go bhfuil ciall léi inár saol féin. I gcroílár gnóthaí laethúla na hEorpa; i gcroílár an tsaoil sa Bhaile.**
**Anois táim ag rá gur cheart dúinn an chúthaileacht, na leiscéalta agus an leisce a chaitheamh uainn agus an teanga á húsáid go laethúil ar an leibhéal céanna le teangacha eile san Aontas Eorpach, déanaimis rún áit a thabhairt di inár saol laethúil sa bhaile - i lár an aonaigh, inár ngnáthchaint.**
**Is cuid dínn féin í an Ghaeilge. Tapaímis an deis í a chuimsiú inár saol go léir. Tá an óige ag taispeáint nach ualach diúltaithe ná eisiata í. Is féidir le gach glúin a bheith páirteach inár bhféiniúlachtaí iomadúla roinnte Éireannacha, Eorpacha agus dhomhanda'.**

**Ní neart go cur le chéile.**

# Clann Uí Fhlatharta ar 'The Late Late Show'

Caithfear moladh ollmhór a thabhairt do Séamus agus Caoimhe Uí Fhlatharta ón Áird Mhóir as a dtaispeántas dochreidte ar 'The Late Late Show' ar an 14ú Eanáir 2022. Bhí an bheirt acu i measc cuid de na ceoltóirí Gaelach is cumasaí agus is cáiliúla sa tír mar chuid d'Fhéile TradFest. Ach caithfear a rá gur sheas an bheirt acu amach nuair a chan siad an t-amhrán cumhachtach 'Anach Chuain' mar chumha i ndiaidh Aisling Murphy, beannacht Dé lena hanam.

Dúirt Tubridy gurbh é ceann de na píosaí is 'uaigneach, áille, sprioradálta agus draíochtúla' a chuala sé riamh agus 'go bhainfeadh sé an anáil díot'. Tá pobal Chonamara Láir thar a bheith bródúil as Séamus agus Caoimhe ach freisin as na ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí óga atá ag coinneáil traidisiún agus cultúir Gaelach an cheantair beo agus á dtaispeáint don domhan mhór.




# Cliabhán Cultúrtha

Ba mhaith linn buíochas mór ó chroí a ghlacadh le Shaunadh Ní Chlochartaigh, Mikey Breathnach agus Máirtín Ó Cualáin a bheas ag cuir tús spleodrach le Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir 2022. Beidh na físeáin seo á gcur amach go luath ar na meáin shóisialta agus ar ár gcaineál Youtube. Bígí ag fáire amach!



# TEARMANN ÉANNA TEO.

**Tá Tearmann Éanna CTR lonnaithe ar An Tulach, i mBaile na hAbhann, i gceantar Chois Fharraige. Cuireann an eagraíocht réimse seirbhísí ar fáil do dhaoine aois 50 bl+ agus daoine scothaosta.**

**SEIRBHÍSÍ LAETHÚIL:**

**- Ionad Lae;**
**- Béile ar Rothaí – Óna Forbacha, go Seánadh Phéistín, go Béal an Daingean agus chuig Rosmuc agus na bailte 'is bóithríní beaga idir-eathartha;**
**- Seirbhís Cúram Baile: (LPT Conamara Láir, LPT Chois Fharraige, LPT Cheantar na nOileáin & LPT An Cheathrú Rua);**
**- Títhíocht do dhaoine ós cionn 50 bliain d'aois: (LPT Conamara Láir, LPT Chois Fharraige, LPT Cheantar na nOileáin & LPT An Cheathrú Rua);**
**- Seirbhís/Seomra Aclaíochta ar An Tulach;**
**- Seirbhís Iompair: LPT Chois Fharraige;**
**- Scéim Foláireamh an Aosach;**
**- Feirm Curradóireachta.**

**Oibríonn Tearmann Éanna CTR i gcomhar le grúpaí/coistí deonacha agus cuireann an eagraíocht tacaíochtaí éagsúil ar fáil d'Ionaid Lae eile a bhíonn á bhfeidhmiú i gceantar feidhme Chonamara Theas, i.e., Tiománaí Bus Lán-Aimseartha á chur ar fáil do fheidhmiú an tseirbhís i gCeantar na nOileán agus Oibrí Ginearálta Páirt-Aimseartha i gceantar Rosmuc.**

**Tá cúpla folúntas ag an eagraíocht le líonadh i láthair na h-uaire, Post Oibrí Ginearálta i gCeantar Rosmuc, Poist Oibrithe Cúram Baile i LPT Chonamara Láir agus Post Tiománaí Mionbhus do Cheantar Chois Fharraige.**

**FÓGRA POIST:**

**<u>Oibrí Ginearálta</u>**

**Tá folúntas againn i láthair na h-uaire i gceantar Rosmuc d'Oibrí Ginearálta a bheadh i mbun feidhmiú laethúil an Ionaid Lae agus an tSeirbhís Béile ar Rothaí, i gcomhar le Coiste Aosach Rosmuc. Bíonn an tseirbhís seo ag feidhmiú i gceantar Rosmuc gach Máirt & Déardaoin.**

**<u>Oibrithe Cúram Baile</u>**

**Tá folúntas ag Tearmann Éanna CTR d'oibrithe Cúram Baile sna ceantair seo a leanas mórthimpeall Limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir -Cill Chiaráin, Carna, Rosmuc, Leitirmóir na Coille, Camus, Loch Con Aortha.**

**<u>Folúntas Tiománaí Mionbhus</u>**

**Tá Tearmann Éanna CTR, ag lorg iarratais do phost páirt aimseartha mar Thiománaí Mionbhus i gceantar Chois Fharraige.**

**Ta sonraí na bpost agus gach eolas eile le fáil trí ghlaoch ar 091 505540 nó trí r-phost a sheoladh chuig bainisteoirtearmanneanna@gmail.com**

## Comórtas Beannachtaí Cártaí as Gaeilge

**An bhfuil tú cruthaitheach agus cónaí ort i gceantar Chonamara Láir?**
**Tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag reáchtáil Comórtas Cártaí le beannachtaí as Gaeilge!**
**Ag cur tús leis an gcomórtas, is iad na catagóirí ná:**

- **Breithlá**
- **Buíochais**
- **Beannachtaí na Féile (mar shampla Lá Fhéile Pádraig, Vailintín, An Cháisc, srl.)**

**Is é an aidhm atá againn ná na cártaí is fearr a roghnaítear a chur chuig an gclódóir agus a thabhairt amach mar phacáiste don phobal roimh dheireadh na bliana.**
****Foirm iarratais agus na téarmaí agus coinníollacha le fáil ach teagmháil a dhéanamh le ocpt@conamaralair.ie.**
**Táimid ag súil go mór bhur gcártaí a fheiceáil!**




## Fógra don Phobal:

**Tá cruinniú poiblí á n-eagrú chun plé a dhéanamh ar na féidireachtaí agus na deiseanna atá ann maidir le Club Mhara a bhunú i gceantar Chonamara Láir. Beidh an cruinniú ar siúl in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ar an 8ú Feabhra ag an 8:00 i.n. Tá fáilte roimh chách.**



# Blaiseadh beag de shaol na céad bliana anseo i gColáiste na bPiarsach

## Ag aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoile

Is mise Katie Ní Dhroighneáin agus táim ag scríobh faoi m'aistear ón mbunscoil go dtí an mheánscoil. Tá muid suas le trí mhí sa scoil anois. Tá sé an-dhifriúil. Cén chaoi?. Bíonn an múinteoir céanna againn do ghach ábhar sa bhunscoil, ach tá naoi n-ábhar againn agus múinteoir difriúil againn le haghaidh beagnach gach ábhar sa mhéanscoil. Fuair muid níos mó obairbhaile sa bhunscoil i gcomparáid leis an mheánscoil. Nílim ach sa chéad bhliain fós agus beidh orm sé bliana a chaitheamh anseo i gColáiste na bPiarsach. Is maith liom an scoil agus na hábhair nuaí ar fad.

Katie Ní Dhroighneáin (Bliain 1)

## Difríocht idir an bhunscoile agus an mheánscoil

Tá an mheánscoil fíordhifriúil ón mbunscoil, mar tá obair níos deacra agus tá an lá níos faide. Déanaimid níos mó rudaí sa mheánscoil ar nós dul chuig cluichí m.sh cispheil, peil agus go leor rudaí eile a bhíonn á dhéanamh againn. Is maith liom an lón té, ach is é an píotsa is fearr liom. Tá níos mó scoláirí sa mheánscoil ná sa bhunscoil. Tá an mheánscoil i bhfad níos mó ná an bhunscoil, mar go bhfuil níos mó seomraí inti. Taitníonn an dá scoil éagsúil liom, ach tá sé iontach a bheith ag bogadh ar aghaidh agus mé ag fáil níos sine.

Oisín Ó Flaithearta (bliain 1) Coláiste na bPiarsach

# Coirnéal Chomhrá- 'Ar Chuala Tú?'



**Aoi na míosa:** Fiona Ní Fhlaithearta
Láithreoir Aimsire TG4 agus ball de Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir

**1. Ainm Baile:** Fiona Phaddy Pheter Mhéine
**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Camus
**3. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Sí an Ghaeilge an teanga labhartha sa mbaile, i mo phobal agus i mo chuid oibre.
**4. Ar fhás tú suas in sa ceantar seo?** Rugadh agus tógadh mé anseo
**5. An bhfuil tú sásta go shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth?** Tá. Bhí mé i mo chónaí thar lear ar feadh roinnt blianta. Cé go raibh an saol go breá thall bhí mo chroí sa mbaile i gcónaí. Tá sé ríthábhachtach dom a bheith gar do mo mhuintir, mo chlann a thógáil anseo i gCamus agus an Ghaeilge & an cultúr a bheith acu.
**6. An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Tá an Ghaeilge riachtanach agus lárnach i mo phost agus tá mé buíoch don teanga as na deiseanna atá faighte agam ó fuair mé mo chéim ó Acadamh na hOllacolaíochta Gaeilge.
**7. Céard é an boladh is fearr leat?** Féar gearrtha sa samhradh
**8. Céard é an deoch is fearr leat?** Blogam tae láidir
**9. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is aoibhinn liom dul amach ag cadhcáil, dul ar shiúlóidí, dreapadh cnoic/sléibhte agus bácáil leis an mbeirt bheag.
**10. An saoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Turas go Bostún & Nua Eabhrac le mo mhuintir agus mo dheartháir i 1995. D'éirigh linn go leor a dhéanamh agus a fheiceáil agus bhí sé go hálainn am a chaitheamh le m'uncail Cóilín agus a chlann.
**11. Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Is iad leithéidí Frozen agus Paw Patrol a bhíonn air sa teach seo. Ach is fada liom go bhfeicfidh mé Arracht ar TG4 amach anseo.
**12. Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat?** Leabhar fíorasach. Deis ar bith rudaí nua a fhoghlaim/a fháil amach.
**13. An noiméad don lá is fearr leat?** Thiar sa leaba ag comhrá leis na gasúir sula dtéann siad a chodladh.
**14. An raibh aon tionchar mór ag cúrsaí na géarchéim slainte ort?** Bhí tionchar dearfach ag an ngéarchéim orainn mar chlann i ndáiríre. Bhí deis againn i bhfad níos mó rudaí a dhéanamh le chéile.

## Comórtas Grianghrafadóireachta

Tá ríméad orainn tús a chur le Comórtas Grianghrafadóireachta Chonamara Láir 2022. Fuair muid grianghraif álainn an mhí seo ón bpobal agus cinnte go raibh cinneadh deacair le déanamh ag Johanna Ní Mháille. Is í Johanna, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana. Comhghairdeas mór le Bernadette Uí Mhaoilchairáin, buaiteoir na míosa seo.



## Logainm na Míosa:

### An Léim

Fadó, bhí ar dhaoine léimt trasna na habhann chun an baile a shroich agus seo mar a fuair an ceantar an t-ainm 'An Léim'. Níos déanaí, tógadh droichead cloiche ina bhfuil cáil air anois mar go raibh sé le feiceáil sa scannán mór le rá "The Quiet Man"

## Seanfhocal na Míosa:

Níl tuile dá mhéad nach dtránn

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir — conamaralair — @ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.